Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12663/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0103 (COD)**

**ECOFIN 1146**
**UEM 428**
**CADREFIN 185**
**CODEC 1235**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 468 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil - Tuarascáil Bhliantúil 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 468 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 468 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2025
COM(2025) 468 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil - Tuarascáil Bhliantúil 2024**

## Réamhrá

Is cúis mhór áthais dom é an tuarascáil seo a chur i láthair lena gcumhdaítear timthriall 2024 na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Sa bhreis ar mhionchuntas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí na hIonstraime in 2024, deimhnítear sa tuarascáil rath na hIonstraime agus í ag tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar a n-acmhainneacht riaracháin chun athchóirithe a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar a léirítear sa mheastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim a rinneadh in 2024 den chuid is mó. Ar an gcaoi sin, rannchuidíonn an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil leis an bhfás inbhuanaithe agus leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, i measc athchóirithe eile atá ar siúl sna Ballstáit.

Tar éis próiseas roghnúcháin ardiomaíoch eile, ba thionscadail ilnáisiúnta iad 25 % de 170 tionscadal na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024, agus bhí 48 % díobh nasctha le tionscadail shuaitheanta. Léirítear leis sin in 2024, leath bealaigh trí CAI, mhéadaigh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a fócas ar thacaíocht a thabhairt d'athchóirithe na mBallstát lena dtéitear i ngleic le tosaíochtaí an Aontais trí thionscadail shuaitheanta agus tionscadail ilnáisiúnta araon. I gcásanna inarb ábhartha, i.e. go háirithe i gcásanna ina raibh dúshláin choiteanna roimh na Ballstáit a bhí ailínithe le tosaíochtaí an Aontais, chuir tionscadail den sórt sin le breisluach na tacaíochta ón Ionstraim.

Ar an gcuma chéanna leis na blianta roimhe sin, chuir an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ar fáil d'údaráis is tairbhithe ó na Ballstáit uile agus cumhdaíodh go leor réimsí beartais léi. Áiríodh orthu sin riarachán poiblí agus rialachas, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus iomaíochas. Lean roinnt tionscadail de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

In 2024, sheol an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil glao tiomnaithe freisin chun saineolas teicniúil saincheaptha a sholáthar do na Ballstáit chun a bpleananna cur chun feidhme náisiúnta faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a ullmhú. Tacaíodh le naoi mBallstát.

Thug na Ballstáit breithiúnas dearfach arís ar an tacaíocht leanúnach a thug an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach do na Ballstáit chun tionscadail de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a chur chun feidhme. Ar bhonn an aiseolais a fuarthas ó na húdaráis is tairbhithe agus ó na húdaráis chomhordúcháin araon, bhí na Ballstáit an-bhuíoch as tacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil.

Agus aird SG REFORM á díriú ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a thabhairt chun críche go rathúil in 2026, tá mé muiníneach go leanfaidh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil de thacaíocht a thabhairt do dhearadh agus do chur chun feidhme athchóirithe na mBallstát i gcomhréir le príomhbheartais agus príomhthosaíochtaí an Aontais, agus í ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin náisiúnta agus thrasnáisiúnta, agus mar sin go mbeidh tionchar dearfach soiléir aici ar fud an Aontais sna blianta amach romhainn.

Céline Gauer
Ard-Stiúrthóir SG REFORM

# CLÁR ÁBHAIR


Réamhrá ..... 1
An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ..... 4
An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil in 2024 ..... 5
I. Príomhphointí ..... 5
II. Timthriall na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 - fíorais agus figiúirí ..... 6
Seoladh thimthriall na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 ..... 6
Iarrataí ar thacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 ..... 7
Tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 ..... 9
Tionscadail shuaitheanta ..... 10
Tacaíocht le haghaidh Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta ..... 11
Tionscadal píolótach do thíortha is iarrthóirí mar bhreathnóirí ..... 12
Tionscadail faoin nglao tiomnaithe in 2024 ..... 12
III. Cur i ngníomh an tionscadail ..... 13
IV. Pleananna comhair agus tacaíochta ..... 14
V. Teachtaireacht maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ..... 15
VI. Meastóireacht ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ..... 17
VII. Gníomhaíochtaí idirinstitiúideacha ..... 19
Conclúid ..... 20
Iarscríbhinn 1 – Timthriall bliantúil na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ..... 22

# AN IONSTRAIM UM THACAÍOCHT THEICNIÚIL

Is clár de chuid an Aontais í an **Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil** [1] **lena gcuirtear saineolas teicniúil saincheaptha ar fáil do na Ballstáit chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trína bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta**. Is é cuspóir ginearálta na hIonstraime comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí thacú le hiarrachtaí na mBallstát na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme chun téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta, athléimneacht agus cóineasú aníos a bhaint amach.

Is é an Tascfhórsa um Athchóiriú agus Infheistíocht (SG REFORM) de chuid an Choimisiúin a bhainistíonn an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil i láthair na huaire [2]. Tá sí ar fáil d'aon Bhallstát a bhfuil dúshláin roimhe maidir le hathchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme. Áirítear leis sin athchóirithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint i bpróiseas **an tSeimeastair Eorpaigh** maidir le comhordú an bheartais eacnamaíoch, **tosaíochtaí beartais an Aontais**, nó athchóirithe arna ndéanamh ag **Ballstát ar a thionscnamh féin**. **Ní réamh-leithdháiltear cistí** de réir Ballstáit nó de réir réimse beartais leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

Na leithreasuithe a iarradh le haghaidh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil in 2026 agus clárú airgeadais na hIonstraime in 2027, laghdaíodh iad chun tacaíocht shaincheaptha ardcháilíochta do na Ballstáit a choinneáil ar bun. Leis na hathruithe sin, is é **EUR 827,4 milliún** a atá i gcláreagrú buiséid foriomlán na hIonstraime don tréimhse 2021-2027, laghdaithe ó EUR 864,4 milliún. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil bhreise a iarraidh freisin trí rannchuidiú díreach nó mar chuid dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

| 2021 | 2022 | 2024 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 116,4 | 118,7 | 121,1 | 123,5 | 126,0 | 109,5 | 112,2 | 827,4 |

***Fíor 1 - Cláreagrú bhuiséid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2021-2027 (milliún euro)***

Cuireann an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil rochtain uathúil atá bunaithe ar thionscadail ar shaineolas teicniúil agus deiseanna piarfhoghlama ar fáil d'údaráis is tairbhithe sna Ballstáit chun cuidiú leo dul i ngleic le dúshláin maidir le hathchóirithe. Is **ionstraim** í atá bunaithe ar éilimh na mBallstát agus eagraítear í i d**timthriallta bliantúla**, (mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn 1). Cumhdaítear le tacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil saineolas agus saineolaithe a sholáthar a bhaineann le comhairle faoi bheartas, athrú beartais, straitéisí agus treochláir athchóirithe a fhoirmliú, agus tacaíocht le haghaidh athchóirithe reachtacha,

[1] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, IO L 57, 18.2.2021, lch. 1 (an Rialachán maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil).

[2] Ba é an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach a bhainistíodh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil go dtí go ndearnadh í a chumasc leis an Tascfhórsa Téarnaimh agus Athléimneachta an 1 Feabhra 2025. Úsáidtear an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach sa tuarascáil seo nuair a thagraítear d'imeachtaí agus do ghníomhaíochtaí a tharla roimh an gcumasc, agus úsáidtear SG REFORM nuair a thagraítear d'imeachtaí agus do ghníomhaíochtaí a tharla tar éis an chumaisc, nó atá fós ar siúl.

institiúideacha, struchtúracha agus riaracháin. Cumhdaítear leis freisin fothú acmhainneachta institiúidí, riaracháin nó earnála; seimineáir, comhdhálacha agus ceardlanna; malartú dea-chleachtais agus gníomhaíochtaí oiliúna; forbairt modheolaíochtaí comhchoiteanna; Fothú acmhainneachta TF; agus staidéir a dhéanamh. Ní éilítear cómhaoiniú ó na Ballstáit leis.

Chun acmhainneacht riaracháin na mBallstát a neartú, cuirtear saineolas uathúil ar fáil le gach tionscadal de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ó shaineolaithe inmheánacha an Choimisiúin, saineolaithe ó údaráis náisiúnta na mBallstát (e.g. trí Ionstraim an Choimisiúin um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise [3]), ó eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ón earnáil phríobháideach. Nuair is gá, déantar saineolas seachtrach a fháil ar conradh trí bhainistíocht dhíreach (an earnáil phríobháideach den chuid is mó) nó trí bhainistíocht indíreach[4]. Bíonn foireann SG REFORM go hiomlán rannpháirteach le linn an phróisis chun gach tionscadal a chur chun feidhme.

# AN IONSTRAIM UM THACAÍOCHT THEICNIÚIL IN 2024


## I. Príomhphointí

In 2024, leath bealaigh trí CAI, cuireadh béim níos mó san Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ar thacaíocht a thabhairt d'athchóirithe na mBallstát lena dtéitear i ngleic le tosaíochtaí an Aontais trí thionscadail shuaitheanta. I gcás inarb ábhartha, rinne tionscadail ilnáisiúnta breisluach na tacaíochta a cuireadh ar fáil a fheabhsú a thuilleadh.

Ba thionscadail ilnáisiúnta iad 25 % de 170 tionscadal na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024, agus bhí 48 % díobh nasctha le tionscadail shuaitheanta. Bhí an dá chéatadán sin níos airde ná mar a bhí i dtimthriallta roimhe sin. Leis an **méadú leanúnach sin ar ghlacadh na dtionscadal ilnáisiúnta agus na dtionscadal suaitheanta**, léiríodh acmhainneacht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil tuilleadh breisluach Eorpach a sholáthar agus malartú dea-chleachtais agus deiseanna foghlama frithpháirtí idir údaráis náisiúnta a éascú, agus béim láidir á leagan i gcónaí ar thosaíochtaí an Aontais. Leag sé béim freisin ar chineál éileamh-bhunaithe na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil.

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil d'údaráis is tairbhithe ó na Ballstáit uile agus cumhdaíodh go leor **réimsí beartais** léi, tar éis na n-iarrataí a fháil ó údaráis náisiúnta a roghnaíodh faoi ghlao ginearálta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024. Áiríodh orthu sin riarachán poiblí agus rialachas, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus iomaíochas (féach Fíor 2). Lean roinnt tionscadail de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme **na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta** [5].

[3] https://enlargement.ec.europa.eu/funding-technical-assistance/taiex_ga
[4] Tá liosta na n-eintiteas a chuireann cistí an Aontais faoi bhainistíocht indíreach chun feidhme i gcomhair na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ar fáil ar shuíomh gréasáin na hIonstraime.
[5] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17 ('Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta').




***Fíor 2– Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024: rannchuidiú le príomhthosaíochtaí beartas***

Tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann agus ghlacadh na Teachtaireachta maidir leis an 'bPlean Cur Chun Feidhme Coiteann don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann', sheol an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach **glao tiomnaithe** faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil an 12 Meitheamh 2024 .Ba é an cuspóir a bhí leis saineolas teicniúil saincheaptha **a chur ar fáil do na Ballstáit chun a bpleananna cur chun feidhme náisiúnta** a ullmhú faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. Tacaíodh le naoi mBallstát faoin nglao tiomnaithe.

## II. Timthriall na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 - fíorais agus figiúirí

### Seoladh thimthriall na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024

Seoladh timthriall 2024 den Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil le linn **chomhdháil bhliantúil na hIonstraime faoi 'Riarachán Poiblí atá oiriúnach don todhchaí agus inoiriúnaithe don athrú'** an 12 Bealtaine 2023. Bhí cur chuige an timthrialla sin cosúil le cur chuige na dtimthriallta roimhe seo. **Cuireadh 13 thionscadal tacaíochta teicniúla shuaitheanta** de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil in 2024 i láthair ag an gcomhdháil (féach thíos). Áiríodh an méid seo a leanas ar na príomhthosaíochtaí:

- tacaíocht a dhíriú ar thosaíochtaí roghnaithe de chuid an Aontais, trí thionscadail shuaitheanta tacaíochta teicniúla na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a mholann an Coimisiún do na Ballstáit go réamhghníomhach;
- dearadh agus cur chun feidhme tionscadal ilnáisiúnta agus ilréigiúnach a spreagadh; agus
- tacaíocht leanúnach a chur ar fáil chun pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

Eagraíodh idirphlé leis na Ballstáit ina dhiaidh sin chun tacú leis na húdaráis náisiúnta ábhartha iarrataí ardcháilíochta ar thacaíocht a ullmhú, agus chun cuidiú le réimsí riachtanas coiteann a shainaithint a mbeadh tacaíocht ilnáisiúnta iomchuí ina leith.

## Iarrataí ar thacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024

### Glao ginearálta

Faoin 31 Deireadh Fómhair 2023, **bhí 604 iarraidh ar thacaíocht** theicniúil curtha isteach ag **na 27 mBallstát** mar fhreagairt ar ghlao ginearálta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024, ar mhéid iomlán EUR 240 milliún (thart ar dhá oiread an chistithe a bhí ar fáil don Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil in 2024) [6]. Cumhdaíodh leis na hiarrataí a cuireadh isteach raon leathan réimsí a imríonn tionchar ar shaol na ndaoine san Aontas. Áirítear ar na réimsí sin an intleacht shaorga (IS) a chur i bhfeidhm i ngnólachtaí agus in údaráis phoiblí; plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais a chur chun feidhme mar aon le hathchóirithe eile is gá chun dul i dtreo geilleagair atá neodrach ó thaobh carbóin de; tacú le comhionannas inscne agus dul i ngleic le himirce daoine oilte; agus seirbhísí meabhairshláinte a chur ar fáil do dhaoine óga agus do leanaí. Measadh go raibh na hiarrataí uile a cuireadh isteach incháilithe[7] agus, rinneadh measúnú ar 604 iarraidh lena roghnú faoin nglao ginearálta.

Rinne an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach measúnú ar na hiarrataí a cuireadh isteach de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 9(5) den Rialachán maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Áirítear orthu sin práinn, fairsinge agus méid na ndúshlán a sainaithníodh; na riachtanais tacaíochta i ndáil leis na réimsí beartais lena mbaineann; anailís ar tháscairí socheacnamaíocha; agus acmhainneacht riaracháin institiúideach agus ghinearálta na mBallstát lena mbaineann.


Chuaigh SG REFORM i gcomhairle le ranna/Ard-Stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin chun a áirithiú go raibh an tacaíocht theicniúil a cuireadh ar fáil faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024 ailínithe le beartais an Aontais, agus chun dúbláil gníomhaíochtaí agus cistiú eile de chuid an Aontais a sheachaint, agus cláir eile de chuid an Aontais á gcomhlánú agus á bhforbairt an tráth céanna.

Tugadh aghaidh sna hiarrataí ar riachtanais tacaíochta le haghaidh athchóirithe na mBallstát a sainaithníodh in imthosca éagsúla a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil [8]. Áiríodh orthu sin athchóirithe chun dul i ngleic leis na dúshláin a sainaithníodh trí phróiseas rialachais eacnamaíoch an Aontais, chomh maith leo siúd a bhaineann le tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí athchóirithe na mBallstát féin a chur chun feidhme.

[6] Ba é EUR 123 229 347 méid an chistithe a bhí ar fáil le haghaidh ghlao ginearálta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 (mar a léirítear i gCinneadh Maoiniúcháin na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024).

[7] Fíoraítear incháilitheacht na n-iarrataí bunaithe ar na critéir a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, is é sin in Airteagail 8 agus 9. Déantar incháilitheacht tairbhithe féideartha a fhíorú freisin bunaithe ar na critéir a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, is é sin in Airteagal 2.

[8] D’fhéadfadh iarraidh aonair ar thacaíocht theicniúil a bheith nasctha leis an iliomad imthosca.




*Fíor 3– an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024: cúinsí iarrataí na mBallstát*

Tar éis an phróisis measúnaithe agus roghnúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn 1, roghnaíodh **307 n-iarraidh** lena gcumhdaítear athchóirithe a bhaineann le príomhthosaíochtaí an Aontais **faoi ghlao ginearálta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024**, **ar mhéid iomlán EUR 120 milliún**. Roghnaíodh ceithre iarraidh bhreise (dhá iarraidh a cuireadh isteach faoi ghlao ginearálta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 agus dhá iarraidh a cuireadh isteach faoi ghlao ginearálta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2023) níos déanaí in 2024 toisc go raibh cistiú breise ar fáil. D'fhág sé sin go raibh líon an iomlán iarrataí a roghnaíodh faoi ghlao ginearálta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 cothrom le 309, lena n-áirítear[9]:

- 167 iarraidh a bhaineann le pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme[10];
- 85 iarraidh a bhaineann leis an aistriú digiteach;
- 96 iarraidh a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip;
- 61 iarraidh a bhaineann le comhionannas: tacaíocht do mhná, do dhaoine faoi mhíchumas, don phobal Romach, d'imircigh, do dhaoine aosta agus don phobal LADTIA+;
- 31 iarraidh a bhaineann leis an malartú comhair riaracháin phoiblí (MCRP), ar tionscadal suaitheanta ilnáisiúnta é atá dírithe ar chomhar agus malartú trasteorann a chur chun cinn i measc na mBallstát.

In 2024, roghnaíodh iarrataí le haghaidh na mBallstát uile. Níor glacadh aon bhearta speisialta [11].


[9] D'fhéadfadh iarraidh aonair ar thacaíocht theicniúil rannchuidiú le roinnt tosaíochtaí de chuid an Aontais.
[10] Ar bhonn an líon iarrataí a mheas an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach go raibh nasc díreach nó indíreach acu leis na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.
[11] Féadfar bearta speisialta a dhéanamh faoi Airteagal 12(7) den Rialachán maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil i gcás riachtanais phráinneacha.

### Glao tiomnaithe

Sheol an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach **glao tiomnaithe** [12] faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil an 12 Meitheamh 2024 chun **saineolas teicniúil saincheaptha a chur ar fáil do na Ballstáit chun a bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme** a ullmhú faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. Fuarthas naoi n-iarraidh ó na Ballstáit mar fhreagairt ar an nglao tiomnaithe. Roghnaíodh na naoi gcinn uile, ar luach iomlán EUR 1,95 milliún, tar éis measúnú a dhéanamh orthu de réir chritéir mheasúnaithe na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil.

## Tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024

Glacadh an Cinneadh Maoiniúcháin agus a chlár oibre bliantúil an 26 Márta 2024. Leagtar amach iontu na bearta is gá chun an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024 a chur chun feidhme [13]. Rinneadh na **307 n-iarratas roghnaithe a chuíchóiriú ina 170 tionscadal [14],** toisc go ndearnadh iarrataí iomadúla a chumasc in aon tionscadal amháin i roinnt cásanna chun leas a bhaint as barainneachtaí scála, chun sineirgí a chur chun cinn agus chun deiseanna piarfhoghlama a éascú. Leis na 170 tionscadal sin, tugadh tacaíocht do gach ceann de na **27 mBallstát** le 309 dtionscnamh athchóirithe [15].





---

[12] Maoiníodh an glao tiomnaithe faoi Chinneadh Maoiniúcháin na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2023, i bhfianaise infhaighteacht chistí iarmharacha an Chinnidh sin.
[13] Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)1817 ón gCoimisiún an 26 Márta 2024 maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a mhaoiniú agus an clár oibre do 2024 a ghlacadh.
[14] Rinneadh tionscadal amháin le haghaidh 'Nuachóiriú na cuntasaíochta agus phróisis forghníomhaithe an bhuiséid stáit sa Chróit' a chumasc le tionscadal a bhí ann cheana faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2023.
[15] Tá an líon iomlán athchóirithe a fhaigheann tacaíocht faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024 níos airde ná líon iomlán na dtionscadal toisc gur raibh tionscadail ilnáisiúnta ag freagairt d'athchóirithe iomadúla i mBallstáit éagsúla faoi Ionstraim 2024.

*Fíor 4- an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024: an líon athchóirithe a dtacaítear leo i ngach Ballstát*

Bhí spéis ar thaobh na mBallstát páirt a ghlacadh **i dtionscadail ilnáisiúnta** ag méadú i gcónaí in 2024. D'fhág sé sin gur tháinig méadú ar an líon tionscadal dá leithéid ó 34 faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2023 (as 151) go **43 faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024** (as 170, agus ba thionscadal suaitheanta MCRP (féach thíos) tionscadal amháin díobh sin, mar atá faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2023). Léirigh na Ballstáit freisin gur spéis leo an comhar a neartú ar an leibhéal réigiúnach trí 38 **dtionscadal ilréigiúnacha**, méadú ar na 32 thionscadal a bhí ann faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2023**.**




*Fíor 5 - An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2021-2024: athrú ar an líon tionscadal ilnáisiúnta agus tionscadal MCRP*

Mar shampla, áiríodh ar thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 tionscadail ilnáisiúnta chun cuidiú leis na Ballstáit iniúchadh a dhéanamh ar (i) an gcaoi ar féidir le IS cabhrú le sonraí a phróiseáil go sábháilte agus go héifeachtach i réimsí na slándála sóisialta, an leasa shóisialta agus na fostaíochta; agus (ii) an chaoi ar féidir leo a áirithiú go gcuireann údaráis phoiblí comhionannas inscne chun cinn agus gnéithe IS á n-úsáid acu. I measc na riachtanas athchóirithe coiteann eile a fuair tacaíocht, bhí cothú na gcóras forbartha scileanna agus feabhsú cháilíocht an airgeadais phoiblí.

## Tionscadail shuaitheanta

Léiríodh le timthriall na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 go raibh **glacadh níos láidre le tionscadail shuaitheanta tacaíochta teicniúla** ann ná mar a bhí i dtimthriallta roimhe seo. Bhí 82 de 170 tionscadal na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 nasctha leis na 13 thionscadal shuaitheanta, i réimsí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, an fhuinnimh, an riaracháin phoiblí, an airgeadais phoiblí, imeascadh na n-imirceach agus an chúraim sláinte. Ba mhéadú mór é an 48 % sin ar an 33 % faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2023 (50 as 151 tionscadal) agus deimhníodh leis ábharthacht na 13 thionscadal shuaitheanta a chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach chun cinn ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar riachtanais athchóirithe i roinnt Ballstát agus atá nasctha le príomhthosaíochtaí an Aontais.

**Tionscadail shuaitheanta Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024**

- MCRP – Malartú Comhair Riaracháin Phoiblí
- Riarachán poiblí atá ullamh don intleacht shaorga
- Litearthacht airgeadais dhigiteach
- Tacú leis an gclaochlú digiteach ar údaráis chánach agus chustaim
- Feabhas a chur ar cháilíocht an airgeadais phoiblí
- Tacaíocht do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais
- Tacaíocht don Chiste Aeráide Sóisialta agus do Chóras Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe an Aontais
- Bacainní ar fhorbairt réigiúnach a shárú
- Feabhas a chur ar an toilleadh glactha agus cóiríochta le haghaidh imirceach
- Meabhairshláinte: folláine agus meabhairshláinte a chothú
- Tionscadal suaitheanta maidir le scileanna: córais forbartha scileanna a chothú atá níos oiriúnaí don mhargadh saothair
- An daonlathas agus an smacht reachta a threisiú
- Riarachán poiblí amach anseo

Is é is aidhm do thionscadal suaitheanta ilnáisiúnta **MCRP** comhar agus malartú trasteorann a chur chun cinn i measc na mBallstát chun acmhainneacht riaracháin a fhorbairt agus chun an chéad ghlúin eile de lucht ceaptha beartas san Aontas a ullmhú. Déanann sé an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise a ghiaráil. Bhí glacadh mór ann arís le cuspóir MCRP **70 malartú a chur chun feidhme in 12 Bhallstát [16] le haghaidh 200 rannpháirtí**.

## Tacaíocht le haghaidh Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta

**Lean an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil de thacaíocht a thabhairt do na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a chuimsítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta ar fud réimsí beartais** an rialachais agus an riaracháin phoiblí; an aistrithe dhigitigh; an fháis inbhuanaithe agus na timpeallachta gnó; an mhargaidh shaothair; na seirbhísí sláinte, oideachais agus sóisialta; an riaracháin ioncaim agus na bainistíochta airgeadais poiblí; agus na hearnála airgeadais.

**Bhí sé thionscadal de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 nasctha go díreach le pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta**, rud a chuidigh leis an nGréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Málta, an Phortaingéil agus an tSlóvaic a n-acmhainneacht a mhéadú chun a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

**DÍRIÚ AR THIONSCADAIL NA hIONSTRAIME UM THACAÍOCHT THEICNIÚIL A bhFUIL NAISC DHÍREACHA ACU LEIS NA PLEANANNA TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA**

[16] An tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, Málta, an Íslitír, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an Fhionlainn.

Áirítear an méid seo a leanas ar dhá shampla de thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 a bhfuil naisc dhíreacha acu le pleananna téarnaimh agus athléimneachta: 1) tionscadal chun **aghaidh a thabhairt ar phleanáil ionsaitheach cánach sa Chipir** [17], a bhí ailínithe le tosaíochtaí beartais an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena chur chun feidhme trí phróisis a fheabhsú agus acmhainneacht a fhorbairt i Roinn Cánach na Cipire chun praghsáil aistrithe agus reachtaíocht eile in aghaidh seachaint chánach a chur chun feidhme go héifeachtach; agus 2) tionscadal chun **cleachtais bhuiséadaithe mheántéarmacha agus modheolaíochtaí um chostáil bheartais a neartú sa Phortaingéil.** Leis an tionscadal, chomhlánaíodh an tacaíocht a tugadh don Phortaingéil roimhe seo i réimse bhuiséadú an chláir agus an bhuiséadaithe mheántéarmaigh d'fhonn comhordú níos fearr a dhéanamh ar athchóirithe bainistíochta airgeadais phoiblí a bhí ar siúl agus a bhí ar na bacáin, agus aghaidh a thabhairt ar na ceanglais maidir le hathbhreithniú athbhreithnithe an Aontais ar an rialachas eacnamaíoch.

## Tionscadal píolótach do thíortha is iarrthóirí mar bhreathnóirí

An Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach agus an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú, lean siad den treoirthionscadal chun cead a thabhairt do thíortha is iarrthóirí a bheith ina 'mbreathnóirí' ar thionscadail roghnaithe na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024. Bhí sé sin ag teacht le tosaíocht pholaitiúil an Choimisiúin dlús a chur le lánpháirtiú na dtíortha is iarrthóirí, agus an próiseas aontachais dóibh [18], agus tháinig sé sna sála ar aiseolas dearfach ó na Ballstáit agus ó na tíortha is iarrthóirí maidir leis an treoirthionscadal a seoladh in 2023. Rinneadh é sin le comhaontú na n-údarás cuí is tairbhithe sna Ballstáit agus le rannpháirtíocht na dtíortha is iarrthóirí (gan cistiú ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil).

I gcomhréir leis an gcur chuige a leanadh don chéad scéim phíolótach de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, cuireadh an dara treoirthionscadal ar fáil do gach ceann de na 10 dtír is iarrthóirí in 2024. Chuir naoi dtír is iarrthóirí in iúl gur spéis leo páirt a ghlacadh ann agus rinne siad amhlaidh (gach tír seachas an Úcráin), ag leanúint naoi dtionscadal (lean níos mó ná aon tír amháin is iarrthóir trí cinn díobh siúd). Mar shampla, tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv [19]* agus an Mholdóiv rannpháirteach mar bhreathnóirí i dtionscadal de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 a bhfuil sé de chuspóir foriomlán aige feabhas a chur ar rochtain réigiúnach ar thionscnaimh agus ar chistí an Aontais agus ar fheidhmíocht iontu sin.

## Tionscadail faoin nglao tiomnaithe in 2024

Na naoi dtionscadal a seoladh faoin nglao tiomnaithe chun tacú leis na Ballstáit a bpleananna cur chun feidhme náisiúnta a ullmhú faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, fuair siad tacaíocht phraiticiúil ó shaineolaithe a raibh eolas acu ar na

---

[17] Bhí sé seo ina thionscadal ilnáisiúnta freisin le haghaidh Málta, cé go raibh an nasc leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta indíreach sa chás sin.
[18] An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró, an Mholdóiv, an Mhacadóin Thuaidh, an Albáin, an tSeirbia, an Tuirc, an Úcráin, an tSeoirsia agus an Chosaiv[22*].
[19]* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

creataí agus na córais dlí náisiúnta, agus ó shaineolaithe idirnáisiúnta a raibh eolas acu ar chleachtais ábhartha i dtíortha eile.

## III. Cur i ngníomh an tionscadail

Bhí dlúthbhaint ag saineolaithe na hArd-Stiúrthóireachta um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach le gach céim de na tionscadail a seoladh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024: dearadh na dtionscadal, cur chun feidhme na dtionscadal, faireachán agus meastóireacht ar dhul chun cinn agus ar an méid a baineadh amach.

Sna chéad chéimeanna de shainaithint agus dearadh na dtionscadal, bhí an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach ag brath ar chomhoibriú fíor-riachtanach le príomhghníomhaithe eile. D'fhorbair an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach smaointe le haghaidh tionscadal trí chur chuige éileamh-bhunaithe na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a úsáid. Is éard a bhí i gceist leis an gcur chuige sin idirghníomhú forleathan leis na húdaráis náisiúnta (trí chruinnithe for-rochtana agus cruinnithe ardleibhéil idir bainistíocht shinsearach na hArd-Stiúrthóireachta agus ionadaithe na n-údarás náisiúnta) chun riachtanais agus torthaí na dtionscadal a bhí beartaithe a phlé. Bhí ról tábhachtach ag comhordaitheoirí tíre (oifigigh na hArd-Stiúrthóireachta a ghníomhaíonn mar phríomhphointí teagmhála le húdaráis chomhordúcháin na mBallstát) san idirghníomhú sin.

Tar éis na 307 n-iarraidh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024 a roghnú, rinne an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach cinneadh maidir leis na modhanna cur chun feidhme le haghaidh an 170 tionscadal chomhfhreagrach a bhí le seoladh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024. Shainigh oifigigh bheartais (atá rannpháirteach mar bhainisteoirí tionscadail) na haschuir a bhí le táirgeadh laistigh de na tionscadail, chun a áirithiú go mbeadh tionchar mór ar thionscnaimh athchóirithe na mBallstát. Chomhaontaigh siad an plean oibre agus na gníomhaíochtaí sonracha a bhí le cur chun feidhme leis na húdaráis náisiúnta freisin.

Mar a léirítear i gclár oibre 2024 le haghaidh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, faoi Rialachán na hIonstraime, soláthar poiblí a bhí in 26 % de bhuiséad na hIonstraime i dtimthriall 2024 (síos ó 43 % in 2023 agus 2022).

Mar thoradh ar iarrataí na mBallstát ar thacaíocht theicniúil atá an-speisialaithe (agus íogair uaireanta), tá **méadú tagtha ar an gcomhar le heintitis colún-mheasúnaithe faoi bhainistíocht indíreach le haghaidh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil** le blianta beaga anuas. Comhar faoi bhainistíocht indíreach a bhí in 66 % de bhuiséad thimthriall na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 (méadú 47 % ar bhuiséad thimthriall na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2023).

Is léir go raibh bainistíocht indíreach ar an bpríomh-mhodh chun tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a chur chun feidhme i dtimthriall 2024, le méadú bliain ar bhliain ar an líon eintiteas colún-mheasúnaithe a sholáthraíonn saineolas do thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Mar shampla, chomhoibrigh an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach go forleathan le heintitis cholún-mheasúnaithe amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, Comhairle na hEorpa, an Banc Domhanda, na

Náisiúin Aontaithe); le heintitis amhail Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce; le heintitis phríobháideacha a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu (e.g. Expertise France); agus le comhlachtaí de chuid an Aontais (e.g. Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh).

Tháinig laghdú ar chion na ndeontas laistigh de bhuiséad na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil i dtimthriall 2024 go 4 % (laghdú ó 7 % i dtimthriall 2023).

Bhí an Ard-Stiúrthóireacht rannpháirteach go gníomhach i gcoistí stiúrtha na dtionscadal in éineacht le hionadaithe na n-údarás náisiúnta chun comhordú gníomhaíochta agus ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta a áirithiú. Bhí sé fóinteach chun (i) rath na dtionscadal a chosaint trí fhaireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn; (ii) gníomhaíochtaí a stiúradh i dtreo riachtanais shonracha na mBallstát rannpháirteach; agus (iii) infheictheacht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a mhéadú. Bhí an comhordú sin, a raibh na hoifigigh bheartais á stiúradh, níos tábhachtaí fós do thionscadail ina raibh tíortha éagsúla rannpháirteach agus níos mó páirtithe leasmhara le hailíniú iontu. Bhí cuspóir coiteann i measc na mBallstát rannpháirteach mar shaintréith de na tionscadail ilnáisiúnta. Trí bheith rannpháirteach sa chineál sin de thionscadal, bhain siad tairbhe as comhar feabhsaithe ar leibhéal an Aontais, ós rud é gur cuireadh breisluach AE ar fáil leis an gcomhar sin maidir tosaíochtaí náisiúnta a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta.

Bhí ardstiúrthóireachtaí eile de chuid an Choimisiúin agus gníomhaireachtaí díláraithe eile de chuid an Aontais (e.g. an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) rannpháirteach go rialta san Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil trí shaineolas a sholáthar maidir le réimsí beartais téamacha (mar a bhí acu i gcás timthriallta roimhe seo). Leis an líonra bunaithe d'ionadaithe ó ardstiúrthóireachtaí eile, áirithíodh go raibh na tionscadail ag teacht le beartais an Aontais agus gur chruthaigh siad breisluach, rud a d'fhág nach raibh forluí ann le tionscnaimh eile a bhí ar siúl ar leibhéal an Aontais.

## IV. Pleananna comhair agus tacaíochta

**Síníodh pleananna comhair agus tacaíochta** [20] le gach Ballstát in 2024. Leagadh amach sna pleananna comhair agus tacaíochta sin na treoirphrionsabail lena rialaítear an soláthar tacaíochta ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil do na Ballstáit, na modhanna oibre a bhí beartaithe, imthosca na n-iarrataí, raon feidhme beartaithe na mbeart tacaíochta, agus maoiniú táscach na tacaíochta, i gcomhréir le Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Léirítear sna pleananna an comhaontú comhchoiteann idir an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach agus na Ballstáit maidir le tacaíocht theicniúil a sholáthar. Seoladh agus síníodh iad tar éis clár oibre bliantúil na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a ghlacadh. Ansin, cuireadh ar aghaidh iad, arna bhformheas ag na Ballstáit, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

[20] Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 9(5) den Rialachán maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

In 2024 (mar a rinne sna blianta roimhe sin), tugadh tuairisc sna pleananna comhair agus tacaíochta ar shainordú beartaithe na n-údarás chomhordúcháin náisiúnta le haghaidh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, agus an ról a bhí acu ag gach céim de thimthriall na hIonstraime á léiriú acu.

Tháinig líonra na n-údarás comhordúcháin, faoi chathaoirleacht na hArd-Stiúrthóireachta um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach an tráth sin, le chéile cúig huaire in 2024 (trí huaire ar líne agus dhá uair ar an láthair, an 25 Aibreán sa Bhruiséil agus an 10 Meán Fómhair i mBúdaipeist).

## V. Teachtaireacht maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil

Is díol suntais í an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil mar gheall ar a dhearadh nuálach agus a inoiriúnaitheacht. Oibríonn sí le riaracháin náisiúnta chun tacú lena n-athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme ar mhaithe le daoine aonair agus le gnólachtaí. Chun infheictheacht an chistithe ón Aontais a áirithiú, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun cinn go gníomhach in 2024 (lena n-áirítear tionscadail agus torthaí na hIonstraime), ag obair in éineacht le húdaráis is tairbhithe, soláthraithe tacaíochta agus oifigí ionadaíochta an Choimisiúin i ngach Ballstát. Le hiarrachtaí cumarsáide trí chainéil amhail preaseisiúintí, suíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta, na meáin shóisialta, foilseacháin, agus imeachtaí éagsúla, cuireadh faisnéis spriocdhírithe ar fáil do spriocphobail éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal i gcoitinne.

In 2024 lean iarrachtaí cumarsáide a bhain leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus le tacaíocht d'athchóirithe de bheith ag díriú ar phríomhthosaíochtaí, torthaí agus clocha míle i dtimthriall an chláir a chur i láthair.

Thionóil an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach preasagallamh bliantúil na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024 an 26 Márta 2024. D'fhógair sí gur glacadh clár oibre agus cinneadh maoiniúcháin na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024. Chuir sí i dtábhacht freisin go rannchuideodh an babhta nua de thionscadail athchóirithe le seirbhísí poiblí a fheabhsú, le hiomaíochas a chothú i leith geilleagair atá neodrach ó thaobh carbóin de agus le forbairt áitiúil agus réigiúnach a áirithiú.

Chun tús a chur le timthriall na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2025, d'eagraigh an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach Comhdháil Bhliantúil na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil maidir le '*Athchóirithe suntasacha: Is láidre muid le chéile!'* an 24 agus an 25 Aibreán 2024. Phléigh Coimisinéirí agus cainteoirí ardleibhéil ó 13 Bhallstát den Aontas an chaoi a dtacaíonn an tAontas le próisis athchóirithe na mBallstát agus an chaoi is fearr ar féidir leis an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt dóibh amach anseo. D'fhreastail níos mó ná 3 000 rannpháirtí ar an imeacht, sa Bhruiséil agus ar líne, an líon ab airde a bhí ann ó reáchtáladh an t-imeacht den chéaduair in 2021.

An 27 Meitheamh 2024, d'eagraigh an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach comhdháil ardleibhéil de chuid ComPAct maidir le '*Spás do riaracháin phoiblí a chuireann leis an bhfás'*, comhdháil inar díríodh ar an gcaoi a bhféadfadh údaráis phoiblí ar fud an Aontais riachtanais an phobail a fhreagairt ar

bhealach níos éifeachtúla. D'fhreastail 500 rannpháirtí ar an gcomhdháil sa Bhruiséil agus ar líne.

Rinne an Ard-Stiúrthóireacht imeachtaí poiblí éagsúla a eagrú go háitiúil agus ar líne nó d'fhreastail sí orthu, ag cur scéalta ratha i láthair agus ag craobhscaoileadh an méid a baineadh amach leis an Ionstraim. Áiríodh orthu sin:

- roinnt painéal ag an gCruinniú Bliantúil d'Fhóram Eacnamaíoch Delphi IX, 10-13 Aibreán 2024;
- comhdháil maidir le '*Acmhainneacht láidir áitiúil agus réigiúnach a fhorbairt le tacaíocht theicniúil ón Aontas*', an 10 Deireadh Fómhair 2024;
- feachtas ar na meáin shóisialta mar chuid de COP16, in Cali na Colóime, an 21 Deireadh Fómhair - an 1 Samhain 2024.

In 2024, lean cumarsáid ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil leis an aistriú ón gcur chuige tionscadal-dírithe a glacadh i mblianta tosaigh na hIonstraime i dtreo béim a leagan ar athchóirithe agus ar an tionchar níos leithne atá acu. Go háirithe, rinne an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach an deireadh le sainordú an Choimisiúin agus comóradh cúig bliana na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a cheiliúradh tríd an mbróisiúr '*Athchóirithe a chur i gcrích*' a fhoilsiú an 8 Iúil 2024. Cuirtear i dtábhacht ann na príomhspriocanna athchóirithe a baineadh amach leis an ionstraim ó 2020 go 2024.

Tá comhéadan soláimhsithe ar an suíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta agus cuirtear faisnéis ar fáil ann maidir le hathchóirithe atá eagraithe de réir réimsí beartais agus de réir Ballstáit. Thug os cionn 190 000 cuairteoir uathúil cuairt air in 2024. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2024, bhí os cionn 550 tuairisc ar thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ar fáil ar líne agus inchuardaithe go héasca ar léarscáil idirghníomhach na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil.

I gcomhréir leis an gceanglas trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, tá suíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta ina stór aonair ar líne de staidéir deiridh nó de thuarascálacha deiridh a chuirtear ar fáil trí thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil freisin. Is féidir an stór sin a chuardach de réir bliana, ábhair agus Ballstáit, rud a fhágann gur féidir na doiciméid sin a scaipeadh go forleathan. Faoi mhí na Nollag 2024, bhí staidéir deiridh nó tuarascálacha deiridh ar fáil ar líne ó 49 % de na tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a cuireadh i gcrích.

Bhí an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach gníomhach ar na meáin shóisialta i gcónaí, le breis agus 3 900 leantóir ar a cuntas @EU_athchóirithe X (ar a dtugtaí Twitter roimhe seo). D'fhág an acmhainneacht mhéadaitheach inmheánach na hArd-Stiúrthóireacht chun físeáin a léiriú go raibh sí in ann a cainéal YouTube a nuashonrú le hábhar úrnua. Rinneadh ocht bhfíseán a léiriú in 2024 i dtaobh ábhar amhail cosaint na bithéagsúlachta, beartais ghlasa, tacaíocht ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun seirbhísí éigeandála a athchóiriú, agus an t-aistriú digiteach.

Sna feachtais agus tuarascálacha cumarsáide uile-Aontais (amhail Tuarascáil Ghinearálta 2024 ón Aontas) cuirtear i dtábhacht ról na hIonstraime um Thacaíocht

Theicniúil agus í ag cabhrú leis na Ballstáit a spriocanna athchóirithe a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí an Aontais.

## VI. Meastóireacht ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil

Déanann SG REFORM (an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach roimhe seo) measúnú leanúnach ar an tacaíocht theicniúil a chuireann sé ar fáil do na Ballstáit tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, ar leibhéal foriomlán an chláir agus ar leibhéal an tionscadail aonair araon, chun fianaise a fháil ar an méid atá bainte amach leis an gclár.

**Ar leibhéal foriomlán an chláir**, maidir leis an meastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil [21] a ghlac an Coimisiún an 12 Bealtaine 2025, rinneadh anailís inti ar chur chun feidhme luath na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil de réir na gcúig chritéar meastóireachta sainordaitheacha um rialáil níos fearr (éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE), i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Cumhdaíodh le raon feidhme na meastóireachta meántéarma sin na tionscadail uile a chistítear faoi thimthriallta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2021, 2022 agus 2023, i ngach ceann de 27 mBallstát an Aontais. Is ionann sin agus 611 thionscadal tacaíochta teicniúla san iomlán, agus EUR 359 milliún sa bhuiséad iomlán don mhéid sin. Ós rud é nach raibh ach thart ar leath de na tionscadail ó thimthriallta 2021-2023 dúnta faoin tráth a rinneadh an mheastóireacht, cuireadh srian le cumas na meastóireachta anailís a dhéanamh ar thorthaí fadtéarmacha na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil agus ar a chur sí le hathchóirithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme sna Ballstáit. Bhí teorainneacha áirithe le feiceáil sa mheastóireacht freisin le dearadh Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, teorainneacha a dhéanann difear maidir le torthaí na hIonstraime a rianú.Go háirithe, luadh inti (i) an easpa tagairtí díreacha d'éachtaí athchóirithe sonracha i bhfoirmliú chuspóirí na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil;agus (ii) an easpa oibleagáidí tuairiscithe sonracha ar na Ballstáit maidir le stádas na n-athchóirithe a dtacaítear leo.

Chun ionchur stóinseach neamhspleách a chur ar fáil don mheastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, rinneadh conradh an 21 Nollaig 2023 chun staidéar tacaíochta seachtrach a fháil agus tugadh chun críche é an 1 Nollaig 2024. Ina theannta sin, reáchtáil an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach comhairliúchán poiblí oscailte a bhí dírithe go sonrach ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhí ar siúl idir an 18 Márta agus an 10 Meitheamh 2024 ar an tairseach ‘Cloisimis uait’. De réir na meastóireachta meántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a foilsíodh an 12 Bealtaine 2025 [22], fuarthas amach gur ionstraim an-ábhartha í an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil atá dea-cheaptha le haghaidh riachtanais na mBallstát, arb é dearadh na hionstraime agus a cineál éileamh-bhunaithe ba chúis leis den chuid is mó. Féachtar ar thionscadail ilnáisiúnta mar bhealach chun dul i ngleic le dúshláin níos leithne atá roimh an Aontas ar fad, agus an tráth céanna,

---

[21] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Meastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (2021-2027), COM/2025/198 final: EUR-Lex - 52025DC0198 - GA - EUR-Lex.

[22] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Meastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (2021-2027), COM/2025/198 final: EUR-Lex — 52025DC0198 — GA — EUR-Lex.

comhar agus comhroinnt dea-chleachtais idir tíortha rannpháirteacha a mhéadú. Tá méadú tagtha ar an líon tionscadal sin ó thimthriall go timthriall. Rannchuidigh tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil go mór le cur chun feidhme bheartais agus thosaíochtaí an Aontais, agus le tacaíocht a thabhairt don aistriú digiteach agus don aistriú glas araon. Le tionscadail shuaitheanta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, cuirtear breis lena luach trí ailíniú le tosaíochtaí an Aontais, trí chomhlíontacht rialála a spreagadh agus trí chur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chur chun cinn.

Deimhnítear sa mheastóireacht go bhfuil cuspóir sonrach na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil á bhaint amach go rathúil, is é sin acmhainneacht riaracháin na mBallstát de gach cineál a fheabhsú ar fud an Aontais, go háirithe na sásraí riaracháin inmheánacha atá mar bhonn le hathchóirithe. Cuireadh an pointe i dtábhacht freisin go bhfuil rath na tacaíochta teicniúla agus gnóthú na dtorthaí inbhuanaithe fadtéarmacha ag brath ar na Ballstáit obair leantach a dhéanamh go comhsheasmhach agus go córasach maidir le tionscadail tacaíochta teicniúla. Léiríodh leis an meastóireacht go raibh fíorthábhacht ag baint le húinéireacht leanúnach a bheith ag na húdaráis náisiúnta chun gníomhaíochtaí leantacha agus úsáid na n-aschur ó thionscadail tacaíochta teicniúla a áirithiú. Fuarthas sa mheastóireacht go bhfuil an obair leantach sin freisin ag brath ar thosca breise náisiúnta, amhail infhaighteacht acmhainní airgeadais, cobhsaíocht foirne, agus leanúnachas polaitiúil agus riaracháin.

Ar bhonn na dtorthaí agus na gceachtanna a foghlaimíodh ón meastóireacht seo, tá an SG REFORM i mbun machnaimh agus oibre ar straitéis mheastóireachta nua le tamall chun faireachán agus meastóireacht ar an tacaíocht theicniúil faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a threisiú agus chun rianú níos fearr a dhéanamh ar na torthaí fadtéarmacha a bhaintear amach tar éis tionscadal de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a dhúnadh.

**Ar leibhéal an tionscadail aonair**, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach ‘sásra aiseolais’ dhá chéim i bhfeidhm chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionscadail aonair de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Sa chéad chéim, go gairid tar éis dhúnadh an tionscadail, déantar measúnú ar leibhéal sástachta na bpríomhpháirtithe leasmhara a raibh baint acu le dearadh agus cur i gcrích an tionscadail. Sa dara céim, bliain amháin ar a laghad tar éis dhúnadh an tionscadail, déantar measúnú ar a mhéid a bhain an tionscadal amach na torthaí a raibh coinne leo.

Le linn 2024, sheol an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach 181 cheistneoir sástachta chuig na húdaráis is tairbhithe. Fuair sí ceistneoirí sástachta a bhí líonta isteach le haghaidh 111 thionscadal de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil (ráta freagartha 61 %). Léiríodh san aiseolas ó údaráis is tairbhithe meánrátáil sástachta 9,3 as 10 don tacaíocht a chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach ar fáil agus 8,8 as 10 do rath na dtionscadal. Bhí an dá rátáil sin an-dearfach. Ba é 84 % an meánráta sástachta a bhí ag na húdaráis is tairbhithe lena soláthraí tionscadail (i.e. an t-eintiteas a sholáthraíonn an saineolas don tionscadal de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil), agus ba léiriú dearfach é sin freisin. Rinneadh iarrachtaí, agus leantar leo laistigh de SG REFORM, chun rátaí freagartha a mhéadú ar mhaithe le rianú níos fearr a dhéanamh ar na torthaí fadtéarmacha a

bhaintear amach tar éis tionscadal de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a dhúnadh.

## VII. Gníomhaíochtaí idirinstitiúideacha

Ar an leibhéal idirinstitiúideach, an 21 Deireadh Fómhair 2024 bhuail Elisa Ferreira, an Coimisinéir um Chomhtháthú agus Athchóirithe a bhí ann ag an am, leis an gCoiste um Buiséid agus leis an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i bParlaimint na hEorpa le haghaidh seisiún tuairimíochta maidir leis an ionstraim a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Tháinig sé sin sna sála ar sheisiún faisnéise a d’eagraigh an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach i bParlaimint na hEorpa le haghaidh rúnaíochtaí an Choiste um Buiséid agus an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta an 18 Deireadh Fómhair 2024.

Maidir leis an gComhairle, arna iarraidh sin d’Uachtaránacht na Comhairle, cuireadh tuarascáil bhliantúil na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2023 faoi bhráid Mheitheal na gComhairleoirí Airgeadais de chuid na Comhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024, agus faoi bhráid na Meithle um Iomaíochas agus Fás (an Margadh Inmheánach) an 5 Nollaig 2024. Cumhdaíodh tionscadail agus gníomhaíochtaí de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil freisin i roinnt cur i láthair eile don Chomhairle le linn 2024.

# CONCLÚID

In 2024, leath bealaigh trí CAI, cuireadh béim níos mó san Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ar thacaíocht a thabhairt d'athchóirithe na mBallstát lena dtéitear i ngleic le tosaíochtaí an Aontais trí thionscadail shuaitheanta agus, i gcás inarb ábhartha, trí thionscadail ilnáisiúnta, chun breisluach na tacaíochta a soláthraíodh a mhéadú an oiread agus ab fhéidir.

Fuarthas 604 iarraidh ardcháilíochta ar thacaíocht ó na Ballstáit faoi ghlao ginearálta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024, rud a sháraigh toilleadh an chláir an athuair. Tar éis dianphróiseas measúnaithe agus roghnúcháin, **roghnaíodh 307 n-iarraidh – agus dhá iarraidh eile a roghnaíodh níos déanaí – ar mhéid iomlán EUR 120 milliún**, rud a d'fhág gur dearadh **170 tionscadal** chun tacú le **309 dtionscnamh athchóirithe** ar fud na mBallstát. Tacaíodh le naoi mBallstát ina dhiaidh sin trí ghlao tiomnaithe de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil chun a bpleananna cur chun feidhme náisiúnta faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a ullmhú.

Ba thionscadail iltíre iad 25 % de thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024, agus bhí 48 % díobh nasctha le tionscadail shuaitheanta. Leis an **méadú leanúnach ar thionscadail ilnáisiúnta**, léiríodh cumas na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil tuilleadh breisluach Eorpach a sholáthar agus malartú dea-chleachtais agus deiseanna foghlama frithpháirtí idir údaráis náisiúnta a éascú. Ar an gcuma chéanna, le **glacadh níos láidre le tionscnaimh shuaitheanta de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a bhí beartaithe** i gcomparáid leis na timthriallta roimhe seo, deimhníodh an cur chuige sin agus áirithíodh fócas láidir ar thosaíochtaí an Aontais faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024, agus cineál éileamh-bhunaithe na hIonstraime á choinneáil an tráth céanna.

Leis an tacaíocht leanúnach a thugann an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach do na Ballstáit chun tionscadail de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a chur chun feidhme, lena n-áirítear tionscadail ó thimthriallta roimhe seo (mar gheall ar fhad ilbhliantúil go leor tionscadal de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil), áirithíodh go raibh a n-aschuir fós ag teacht le cuspóirí na mBallstát agus go ndearna na Ballstáit breithniú dearfach orthu arís. Ar bhonn aiseolais a fuarthas ó údaráis is tairbhithe ar leibhéal an tionscadail, agus ó údaráis chomhordúcháin ar an leibhéal náisiúnta, **ba mhór ag na Ballstáit an tacaíocht** a cuireadh ar fáil tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Thug na Ballstáit dá n-aire go dearfach an ról gníomhach a d'fhéadfadh a bheith acu i ndearadh agus i gcur chun feidhme tionscadal agus an **chumarsáid éifeachtach** ón **Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach**. Bhí an raon leathan réimsí beartais a chumhdaítear leis an ionstraim, i gcomhréir le hiarrataí ó údaráis náisiúnta, oiriúnach do na Ballstáit fós.

Fuarthas amach sa mheastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, a rinneadh go príomha in 2024 agus a foilsíodh an 12 Bealtaine 2025, go raibh an ionstraim **an-ábhartha** agus dea-cheaptha do riachtanais na mBallstát. Fuarthas amach freisin gur éirigh leis an ionstraim rannchuidiú lena cuspóir sonrach a bhaint amach, is é sin acmhainneacht riaracháin na mBallstát de gach cineál a fheabhsú ar fud an Aontais, go háirithe na sásraí riaracháin inmheánacha atá mar bhonn le hathchóirithe. Cuireadh an pointe i dtábhacht freisin go bhfuil rath na tacaíochta teicniúla

agus gnóthú na dtorthaí inbhuanaithe fadtéarmacha ag brath ar na Ballstáit obair leantach a dhéanamh go comhsheasmhach agus go córasach ar thionscadail de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. I ndáil leis an méid sin, léiríodh go raibh fíorthábhacht ag baint le húinéireacht leanúnach a bheith ag na húdaráis náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfadh na húdaráis sin gníomhaíochtaí leantacha agus go mbainfeadh siad úsáid as na haschuir a tháinig as na tionscadail tacaíochta teicniúla. Fuarthas amach sa mheastóireacht go mbíonn gníomhaíochtaí leantacha den sórt sin ag brath ar thosca náisiúnta eile freisin, amhail infhaighteacht acmhainní airgeadais, cobhsaíocht foirne, agus leanúnachas polaitiúil agus riaracháin.

## Iarscríbhinn 1 – Timthriall bliantúil na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil

### ULLMHÚ AGUS FOR-ROCHTAIN

**Márta-Aibreán Bliain N-1**
Saineoidh SG REFORM tionscadail shuaitheanta le haghaidh an chéad timthriaill eile den Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, i gcomhairle leis

**Bealtaine Bliain N-1**
Le Comhdháil Bhliantúil na hIonstraime, cuirfear tús leis an chéad timthriall eile den Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus cuirfear tosaíochtaí agus

### TÍOLACADH AGUS ROGHNÚ

**Meán Fómhair-Deireadh Fómhair Bliain N-1**
Pléifidh SG REFORM agus Ballstáit **smaointe** maidir le hiarrataí féideartha ar thacaíocht

**31 Deireadh Fómhair Bliain N-1**
Cuirfidh Ballstáit an Aontais ar mhian leo tacaíocht theicniúil a fháil **a n-iarrataí** faoi bhráid an Choimisiúin trína n-údarás náisiúnta comhordúcháin faoin **31 Deireadh Fómhair**. **Beidh úinéireacht agus rannpháirtíocht ríthábhachtach do rath na n-athchóirithe.**

**Samhain-Nollaig Bliain N-1**
Déanfaidh SG REFORM anailís ar na hiarrataí a fhaightear de réir **phrionsabail na córa comhionainne, na bainistíochta airgeadais fónta** agus **na trédhearcachta**. Cuimseofar sa chéim mheasúnaithe an comhairliúchán le ranna eile de chuid an Choimisiúin chun a dheimhniú **nach bhfuil forluí ann** agus chun **comhlántacht le beartais tacaíochta**

**Nollaig-Márta Bliain N**
Déanfaidh SG REFORM na tionscadail tacaíochta teicniúla a bheidh le maoiniú a réamhroghnú agus seolfaidh sé an próiseas cinnteoireachta inmheánach. Déanfaidh an Coimisiún **clár oibre** na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil agus **an cinneadh**

### CUR CHUN FEIDHME NA dTIONSCADAL

**Márta-Meitheamh Bliain N**
Déanann SG REFORM tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a dhearadh agus sainíonn sé na gníomhaíochtaí, aschuir, agus torthaí atá beartaithe mar chuid de na tionscadail i gcomhar leis na húdaráis is tairbhithe sna Ballstáit. Roghnaíonn SG REFORM

**Bealtaine-Meitheamh Bliain N**
Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann **Pleananna Comhair agus Tacaíochta** na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a chomhaontú ar bhonn bliantúil agus leagfar amach leis na pleananna na réimsí tosaíochta agus raon feidhme na tacaíochta a

**Meitheamh Bliain N ar aghaidh**
I rith cur chun feidhme tionscadail de chuid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, oibreoidh SG REFORM i ndlúthchomhar le húdaráis is tairbhithe agus le soláthraithe an

**Deireadh an tionscadail + 3 mhí**

Seolfaidh SG REFORM an ceistneoir sástachta chun aiseolas a bhailiú ó bhaill foirne SG REFORM, údaráis is tairbhithe agus soláthraithe maidir le cur chun feidhme an tionscadail.

**Deireadh an tionscadail - 12 mhí ina dhiaidh**

Rachaidh SG REFORM i dteagmháil le hÚdaráis is Tairbhithe sna Ballstáit arís chun a áirithiú gur baineadh amach na torthaí a raibh coinne leo, agus thart ar 12 mhí ina dhiaidh sin, cuirfidh sé suirbhé aiseolais foirmiúil chucu.

## Iarscríbhinn 2 – Glao ginearálta na Ionstraime um Thacaíocht Theicniúil 2024: iarratais in aghaidh an Bhallstáit [23]

| Tír | Seolta | Níor roghnaíodh | Roghnaíodh |
|---|---|---|---|
| an Ostair | 12 | 5 | 7 |
| an Bheilg | 22 | 10 | 12 |
| an Bhulgáir | 30 | 19 | 11 |
| an Chróit | 30 | 17 | 13 |
| an Chipir | 27 | 15 | 12 |
| an tSeicia | 20 | 11 | 9 |
| an Danmhairg | 5 | 1 | 4 |
| an Eastóin | 15 | 4 | 11 |
| an Fhionlainn | 11 | 2 | 9 |
| an Fhrainc | 18 | 8 | 10 |
| an Ghearmáin | 34 | 10 | 24 |
| an Ghréig | 40 | 17 | 23 |
| an Ungáir | 13 | 7 | 6 |
| Éire | 17 | 7 | 10 |
| an Iodáil | 39 | 23 | 16 |
| an Laitvia | 18 | 8 | 10 |
| an Liotuáin | 16 | 3 | 13 |
| Lucsamburg | 4 | 1 | 3 |
| Málta | 17 | 6 | 11 |
| an Ísiltír | 14 | 5 | 9 |
| an Pholainn | 34 | 17 | 17 |
| an Phortaingéil | 44 | 28 | 16 |
| an Rómáin | 45 | 28 | 17 |
| an tSlóvaic | 27 | 17 | 10 |
| an tSlóivéin | 17 | 7 | 10 |
| an Spáinn | 27 | 14 | 13 |
| an tSualainn | 8 | 5 | 3 |
| **Iomlán** | **604** | **295** | **309** |

[23] Lena n-áirítear dhá iarraidh ó roghnú déanach